

Cosaint Leanaí

Meán Fómhair 2016



Cosaint Leanaí

Ráiteas Pholasaí

Meán Fómhair 2016

Cosaint Leanaí

Meán Fómhair 2016

Polasaí do Chosaint Leanaí

Réamhrá:

Tá an polasaí seo curtha le chéile ag foireann na scoile le cabhair comhairle agus ídiú ó choiste na dtuismitheoirí agus baill an Bhoird Bhainistíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí i mí na Samhna 2011. Tá na nósanna imeachta sa pholasaí bunaithe ar an gcáipéis Tús Áite do leanaí – Treoir Náisiúnta do Chaomhnú agus do Leas Leanaí 2011. Tá na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile ar fáil i bhformaid ar líne anois ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ar www.education.ie. Tá an polasaí seo á chur i bhfeidhm láithreach sa scoil.

Réasúnaíocht:

Tá an polasaí seo á chur le chéile chun,

- Daltaí na scoile a chosaint
- An clár ‘Bí Sábháilte’ a chur i bhfeidhm i ngach rang sa scoil.
- Treoirlínte a leagadh síos do fhoireann agus d’údarais na scoile conas tabhairt faoi liomhaintí nó nochtáí ó dhaltaí
- Comharthaí do mhí-úsáid daltaí a aithint
- Freagrachtaí atá ar na páirtí éagsúla a léiriú

An Gaol le spiorad sainiúil na scoile:

Is scoil í seo a thugann tús áite do na daltaí a fhreastalaíonn uirthi. Tá sé fíor thábhachtach dúinn go mbeadh na daltaí seo sábháilte ar scoil agus go n-áireoidh said sábháilte i suíomh na scoile.

Teastaíonn uainn go mbeadh na daltaí óga ag obair agus ag foghlaim í suíomh sona, sásta sábháilte

Aidhmeanna:

- Daltaí a choinneáil slán sábháilte
- Na pairtnéirí sa scoil a chur ar an eolas faoi chosaint leanaí
- Freagrachtaí na bpairtnéirí a léiriú
- Aidhm a thabhairt d’Achtanna an Oireachtais

Cosaint Leanaí

Meán Fómhair 2016

Acht na bpáistí (1991) The Child Care Act (1991)
Acht an Fhoréigin Teaghlaigh (1996) Domestic Violence Act (1996)
Cearta Daoine ag tuairisciú mí-úsáid leanaí (1998) Protection for Persons Reporting Child Abuse Act (1998)
Acht Oideachais (1998) Education Act (1998)
Acht Saoirse Eolais (1997, 2001) Freedom of Information Act (1997, 2001)
Acht Leasa Oideachais (2000) Education Welfare Act (2000)
Acht na bpáistí (2001, 2006) Children's Act (2001, 2006)

Treoirlínte:

Cosc

Is é an clár Bí Sábháilte an fhoinsé phríomh cheannais a úsáidtear sa scoil chun oideachais a chur ar pháistí faoi chosc ar mhí-úsáid. Múintear an Clár Oideachais Caidreamh & Gnéasachta (OCG) mar chuid den chlár OSIE faoi na snáithe Sábháilteacht & Cosaint.

Leanfaidh baill uile foirne (múinteoirí, SNA, rúnaí, áiritheoir araile) na treoirlínte í leith tuairisciú ar mhí-úsáid leanaí faoi mar atá said leagtha síos í *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile agus Tús Áite do leanaí – Treoir Náisiúnta do Chaomhnú agus do Leas Leanaí 2011. Nósanna ‘Children First’ agus ‘Child Protection, Guidelines and Procedures’*. (Roinn Oideachais)

Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta:

- ✓ Treoirlínte scríofa soiléir do mhúinteoirí agus oibrithe eile na scoile.
- ✓ Duine caidreamh aitheanta (DCA) a cheapadh
- ✓ Ceachtanna churaclaim ar chosaint leanaí a bheith déanta go rialta sa scoil mar shampla OCG
- ✓ Traenáil a chur ar fail d'oibrí na scoile í gcosaint leanaí
- ✓ Comhairle a lorg ón mBord Sláinte
- ✓ Súil a choinneal ar dhul chun cinn leanaí í mbaol
- ✓ Modh oibre chun líomhain í gcoinne fostaithe scoile a iniúchadh

Cosaint Leanaí

Meán Fómhair 2016

An Duine Caidrimh Ainmnithe: (DCA)

DCA: Séamus Ó Muirithe

An Duine leas chaidrimh Ainmnithe: LDCA: Eimear Uí Ghaoithín

Ionadaí: Elaine Uí Néill

Má tá an oibrí scoile agus an DCA réasúnta sásta go bhfuil cás le freagairt ó na líomhaintí atá déanta, ba chóir go ndéanadh an DCA teagmháil láithreach leis an mBord Sláinte

Is féidir é seo a dhéanamh ar an bhfón, í scríbhinn nó buaileadh leis an oibrí sóisialta (social worker). Í gcás éigeandála nuair nach bhfuil fáil ar an oibrí sóisialta (duty care worker), déan teagmháil leis na gardaí.

Is bearna an DCA idir na páirtithe uilig
Déanann sé/sí teagmháil leis an mBord Sláinte
Lorgaíonn sé/sí comhairle
Cuireann sé/sí an t-eolas in iúl do mhúinteoirí
Cuireann sé /sí an t-eolas in iúl do thuismitheoirí
Cuireann sé/sí an t-eolas in iúl don Bhord Bhainistíochta
Coinníonn sé/sí cuntas ar chruinnithe, glaochanna ghutháin nó aon teagmháil eile a tharlaíonn
Tugann sé/sí tuairisc chruinn don Bhord
Cuireann sé/sí tuairisc chruinn ag an mBord Sláinte
Déanann sé/sí teagmháil leis na gardaí nuair is gá.

Freagracht na Múinteoirí agus Foireann na Scoile:

- Tá sé do dhualgas ar na múinteoirí na treoirínte a léamh
- Ba chóir dóibh na comharthaí mí-úsáid agus na faillí a léamh agus a bheith faireach
- Ba cheart cuntas leanúnach a choimeád ar aon faille a thugtar faoi ndeara ar clár aontaithe na scoile. Ná luigh ainm an pháiste ar an leathanach seo.
- Ná cuir ceisteanna díreacha ar an bpáiste
- Ná cláraigh aon eolas nach bhfaca tú nó nár chuala tú go díreach ón bpáiste féin.
- Má cheapann aon bhall foirne scoile go bhfuil mí-úsáid leanaí ar siúl, caithfidh said cuntas a scríobh agus a shíniú don DCA. Is féidir seo a dhéanamh ar ‘Standard Form for reporting child protection and/or welfare concerns’
- Caithfear an t-eolas a choinneal í ngrúpa chomh beag is gur féidir.
- Cuir an DCA ar an eolas
- Rúndacht chomh fada agus gur féidir.

Cosaint Leanaí

Meán Fómhair 2016

Tá na míreanna seo leanas aitheanta ag an bhfoireann agus ag an mBord mar mhíreanna a thugann inmí speicificiúil maidir le cosaint leanaí. Chuige sin tá polasaí againn í leith gach ceann acu.

- a) **Teagmháil Físic iúil** ...Ní cheadaítear é
- b) **Cuairteoirí** caithfidh said clárú le h-oifig an rúnaí í gcónaí
- c) **Timpistí leithris** Má tá athrú éadaí í gceist, ba cheart go mbeadh beirt ball foirne í láthair
- d) **Leanaí le riachtanais speisialta** Cead scríofa na dtuismitheoirí a fháil roimh aon teagmháil físic iúil agus gan seo a dhéanamh ach nuair is gá.
- e) **Múineadh páistí aonaracha** glactar leis go bhfuil gá páistí a thógáil go haonarach ó h-am go chéile ar mhaithe le h-oideachais iomlán an pháiste. Déantar an múineadh aonarach í suíomh pleanáilte an tseomra ranga nó seomra oideachais speisialta. Cuirtear an príomhoide ar an eolas roimh ré. Tá cead na dtuismitheoirí ag teastáil.
- f) **Úsáid an Idirlíne** Féach polasaí ríomhaireachta na scoile.
- g) **Maoirseacht Leanaí** féach polasaí maoirseacht
- h) **Fostaíocht foirne** déanann gach ball foirne nua an fhoirm scrúdaithe an Garda Síochána a líonadh agus cuirtear ar aghaidh é ag na húdaráis cuí.
- i) **Iompair Ghinearálta** Tá sé intuigthe go mbeidh iompair daltaí agus foirne mar bá choir í gcónaí agus nach gcuirfidh an iompair seo isteach ar chearta éinne eile (féach Cod Disciplín na scoile)

Cé go ndéanfaí gach iarracht í gcónaí cloí leis an gcleachtais is fearr, mar tá cás éigean dálach ann ba cheart tuairisc iomlán a dhéanamh ar an eachtra agus an DCA, príomhoide agus tuismitheoirí a chur ar an eolas.

Treoir do Mhúinteoirí/Foireann:

- Éist go cúramach
- Ná dean agallamh foirm altá leis an bpáiste
- Lorg na fíricí agus soiléiriú mar is gá
- Ná geall rúndacht

Cosaint Leanaí

Meán Fómhair 2016

- Coinnigh nóta mion ar an gcomhrá
- Cuir an t-eolas faoi bhráid an phríomhoide agus an DCA
- Bí cinnte go bhfuil an Bord Sláinte curtha ar an eolas chomh luath agus gur féidir
- Lorg cabhair

Líomhain in aghaidh oibrí scoile:

Sa chás go ndéantar líomhaintí in aghaidh oibrí scoile ba cheart

- ❖ DCA a chur ar an eolas
- ❖ Cathaoirleach a chur ar an eolas
- ❖ Cuntas scríofa a choinneal

Ról an Chathaoirligh sa Chás seo:

Nuair a chuirtear an Cathaoirleach ar an eolas faoi líomhain í gcoinne oibrí scoile ba cheart do/di;

An oibrí a chur ar an eolas faoin líomhain ina c(h)oinne

An líomhain a mhíniú do/di

Cinntiú go bhfuil an t-eolas ag an DCA & an Bord Sláinte

Cóip don líomhain scríofa a thabhairt don oibrí

Iarraidh air/uirthi cuntas scríofa a chur chuig an Bord ag freagairt na líomhaintí atá á dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre.

Cinntiú go bhfuil na páistí sábháilte

Dul í dteagmháil leis an mBord Sláinte

Comhdháil ar Chosaint Leanaí:

Sa chas go mbeidh ar oibrí scoile freastal ar Chomhdháil, seo leanas an modh oibre a bheas í gceist.

1. Cuirfidh an Bord Sláinte fios orthu tríd an DCA
2. Is féidir le Cathaoirleach na scoile tríd an DCA iarraidh ar an mBord Sláinte, cén fáth a bhfuil gá an oibrí bheith í láthair.
3. An bunús leis an gComhdháil ná comhordú a dhéanamh ar eolas ó na foinsí éagsúla go léir. Uaireanta bíonn fostaithe scoile í láthair más gá.

Cosaint Leanaí

Meán Fómhair 2016

4. Nuair a tharlaíonn an comhdháil, leanfaidh an scoil na treoirlínte atá leagtha amach ar lth 13 & lth 14 de Threoirlínte & Cur Chuige ar Chaomhnú páistí. Má tá ball de fhoireann na scoile ag freastal ar an gComhdháil beidh orthu tuairisc a sholáthar (Lth 145-147 Children First)

5. Má tá inní ar an mball den fhoireann scoile atá ag an gComhdháil, go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí í láthair, is féidir é seo a chur in iúl do chathaoirleach na comhdhála. Caithfear an ball foirne a chur ar an eolas faoi seo roimh ré.

6. B'fhéidir go n-iarrfaí ar an mball foirne súil a choinneal ar an bpáiste maidir le h-iompair nó aon rud neamh gnách a léiríonn go bhfuil mí-úsáid ag tarlú.

Fráma áma agus cuir í bhfeidhm:

Cuirfear an polasaí seo í bhfeidhm láithreach. Tá glacadh leis ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta ar 28ú samhain 2011.

Athbhreithniú:

- Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús gach scoilbhliain nó de réir mar is gá.
- Déanfaidh an fhoireann scoile é seo í gcomhairle leis an mBord Bainistíochta.
- Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo í mí na Samhna 2011 agus cuireadh cóip de ar fail do fhoireann na scoile, Coiste na dtuismitheoirí agus cuireadh cóip ar suíomh idirlín na scoile.

Cumarsáid:

Tabharfar cóip do gach oibrí sa scoil

Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil cóip le fail ar line idir ghréasáin na scoile www.scoiluirrada.ie

Crochfar cóip in airde sa scoil.

Cuirfear ainmneacha an DCA (Séamus Ó Muirthe) agus an LDCA (Eimear Uí Ghaoithín) in airde go poiblí sa phríomh halla. Gheobhaidh na clainne nua cóip ar an lá oscailte.

Meán Fómhair 2016